

Na Niseacha ar ais

Ní chuireann tada le féile nó le hócáid d'aon chineál ar nós cairde nó gaolta a bheith ag teacht ó i bhfad ó bhaile. Is comhartha measa acu siúd é ar a bhfuil ag tarlú agus ardaíonn sé croí agus meanman an dream ag baile a gcuid seanchairde a fheiceáil arís.

Sin é an chaoi a bhfuil sé anois ag Pléaráca agus iad ag fáiltiú ar ais arís roimh mhuintir Nis nó mhuintir Leodhais chuig an bhféile seo. Tháinig siad ar dtús i 1999 agus bhlaiss muid an Guga leo (gainéid óga a itheann siad mar bhéile traidisiúnta) ag oíche bhreá cheoil thiar Tigh Antaine Lee. Bhíodar linn i 2003 agus ghlacadar páirt fhothmhar in imeachtaí na féile sin. Thug grúpa ó Phléaráca cuairt anonn i 2000 chuig an bhféile mhór "Ceilidh san IarThuath" agus i 2004 thug Pléaráca aonduine dhéag duine óg as Conamara anonn chun freastal ar Champa Samhraidh Ceoil agus ar imeachtaí na féile, Ceol Nis. Ar ndóigh is iad Iomairt Cholmcille is mó atá ag déanamh maoiniú ar na cuairteanna seo idir Alba agus Éirinn agus tá creidiúint ag dul dóibh as an obair atá á dheánadh acu le roinnt blianta anuas chun an ceangal seo a neartú.

Níl dabht ar bith ach go dtógann sé cúpla cuairt le go

gcuirfidh daoine aithne cheart ar a chéile agus sin é an chaoi a mbrathann muintir an Phléaráca agus pobal Nis faoina chéile anois, is seanchairde muid agus nuair a chastar ar a chéile muid, bítear ag fiafrú cén chaoi bhfuil sé seo nó siúd faoin dream atá fanta ag baile.

Ar ais linn i mbliana beidh Domhnaill MacCoinnich as Eorapie, baile beag i dtuaisceart Leodhais. Sé Oileán Leodhais an t-oileán is faide ó thuaidh de na Outer Hebrides agus tá Nis suite ar an gcuid is faide ó thuaidh den oileán. Is focal Lochlannach é Eorapie agus bhíodh ceangal láidir mara fadó idir Críoch Lochlann agus Na Outer Hebrides. Casann Domhnall ar an míleoidéan, maraon le triúr eile a bheas ag teacht, sin iad Alasdair "Tida" Caimbeul, Murchadh Iain MacCoinnich agus Coinneach D Mac Ghill'eathain. Chomh maith le casadh ar an míleoidéan, is amhránaí sean-nóis é Murchadh Iain, tá duaiseanna buaite aige ag an Mod, is é an Mod comhionann féile an Oireachtais anseo in Éirinn. Sé an tslí-bheatha atá ag Murchadh Iain ná ag tiomáint agus ag riaradh na Leabharlainne Taistil ar fud Oileáin Hebrides. Mar sin tá aithne mhaith aige ar a cheantar féin agus bíonn deis aige casadh leis an bpobal an t-am ar fad.

Amhránaí sean-nóis fresin í Mairi Nic A'Gobhainn agus neart

cuairteanna tugtha aici ar an tír seo. Tá an-aitheantas bainte amach aici anseo chomh maith le hAlbain. Ní fhéadfadh grúpa ceoltóirí teacht as Albain gan píobairí bheith leo agus sin iad Domhnaill MacFhionnlaoich agus Shona Nic A'Mhaolain. Níl Shona ach cúig bhliain déag agus casann sí ar an bhfidil freisin. Tá súil agam go bhfuil an cloigeann atá ar Choláiste an Phiarsaigh i bhfostú go maith mar go mbeidh an phíb mhór le cloisteáil inti minic go maith i rith an Phléaráca. Beidh Domhnaill "Loudie" MacLeoid ag teacht ar ais freisin. Fear grinn é seo chomh maith le bheith ina fhidléir paiteanta. Bíonn an-tóir air sa mbaile i Nis le bheith ina Fhear an Tí mar gheall ar an méid sin scéalta grinn a insíonn sé. Beidh Alasdair Caimbeul eile leo - scribhneoir, file agus drámadóir é seo agus beidh sé ag glacadh páirte i dTráthnóna Litríochta na féile. Beidh Jayne Nic Leoid, an damhsóir leo freisin. Is damhsóir traidisiúnta den scoth í seo i stíl na hAlbain ach tá sí in ann stíl na tíre seo a thabhairt léi freisin. Bíonn sí ag múineadh damhsa do na daoine óga i Nis agus tá éacht déanta aici mar bhí an damhsa beagnach imithe go hiomlán as an gceantar.

Beidh Fiona Nic Ghille Mhoire agus Catriona M. NicChoinnich ag teacht leis an ngrúpa. Tá an bheirt seo ag obair le Taigh



Murchadh Iain agus Éibhlín Ní Mhaille ag suíomh Challanais ar oileán Leodhais.

Dhonnchaidh, an teach ceoil i Nis, as a n-eagraítear an fhéile agus na himeachtaí cultúrtha eile.

Beidh na hAlbanaigh linn ón gcéad Aoine den fhéile go dtí an oíche Luan dár gcionn. Beidh siad ag fanacht i Ros Muc mar gheall gur anseo a bheidh go leor de na himeachtaí ar bun le linn an chéad deireadh seachtaine den fhéile. Tá oíche Airneáin "Cuairt Choilm ar Bhriocán" á eagrú go speisialta dóibh ar an Aoine san Ionad Fiontair. Beidh an dream óga as Conamara, idir ceoltóirí, damhsóirí agus amhránaithe a thug cuairt ar Nis i 2004 ann agus beidh fáilte roimh chuile dhuine eile ar mian leo bualadh isteach chuig an ócáid. Sí Nan Tom Taimín a

bheidh mar Bhean a'Tí. Beidh na hAlbanaigh ag freastal ar imeachtaí an Phléaráca. Ar an oíche Luan, beidh seisiún dá eagrú dóibh i dTír na nÓg in Indreabhán. Arís ba cheart go mbeadh ard oíche anseo agus fáilte roimh an phobal ar fad. Sí Áine Ní Dhroighneáin a bheas mar Bhean a'Tí anseo. Ar aerphort na Gaillimhe a thabharfaidh siad aghaidh as seo mar go mbeidh siad ag eitilt amach go luath maidin Dé Máirt tar éis dóibh an-time a bheith acu ag an bPléaráca (tá súil againn!)

Ba mhaith le Pléaráca buíochas a ghlacadh le Iomairt Cholmcille as ucht an maoiniú a chuir ar fáil don chuairt seo ó na Niseacha chuig Féile Phléaráca 2005.

“ Ba mhaith le Pléaráca buíochas a ghlacadh le Iomairt Cholmcille as ucht an maoiniú a chuir ar fáil don chuairt seo ó na Niseacha chuig Féile Phléaráca 2005 ”